

An tUachtarán i nGaillimh

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoin Uachtarán atá i mbun feachtais i nGaillimh. Tá stór focal ann a bhaineann le cúrsaí polaitíochta. Beidh an mhír níos éasca le tuiscint má tá na focail thíos ar eolas agat roimh ré. Caith súil orthu sula n-éisteann tú leis an mír.

- | | |
|--------------------------|---------------------------------|
| 1. cáineadh: | <i>looking for support</i> |
| 2. aitheasc: | <i>The Council of State</i> |
| 3. Tithe an Oireachtais: | <i>society of the country</i> |
| 4. ag lorg tacaíochta: | <i>criticism</i> |
| 5. an pobal a ghríosú: | <i>despite</i> |
| 6. claochlú: | <i>transformation</i> |
| 7. sochaí na tíre: | <i>address, speach</i> |
| 8. ainneoin: | <i>any judgement</i> |
| 9. An Chomhairle Stáit: | <i>to fire up the people</i> |
| 10. aon bhreith: | <i>Houses of the Oireachtas</i> |

Ceist 2

Féach ar an mír den chéad uair.

- Ar chuala tú na focail ó cheist a haon thuas inti?
- Cén chanúint atá ag Tomás Ó Mainnín agus ag *Eibhlín Ní Choistealbha*?
- Cén leagan a bhí acu ar na focail seo – rinne, roimh, aon duine, Gaeilge.
- Ba cheart go n-úsáidfí an caighdeán amháin ar Nuacht TG4 – pléigh an ráiteas sin leis an duine in aice leat.

Ceist 3

Féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo.

- Cad a d'iarr Michael D. Higgins ar a lucht tacaíochta i nGaillimh?
- Cad a chuir Liadh Ní Riada i leith an Uachtaráin?
- Cén freagra a thug an tUachtarán ar cháineadh Liadh Ní Riada?
- Cad a bhí le rá ag an Uachtarán faoin nGaeilge?

Ceist 4

'...ag dul ó dhoras go doras...'

Bain amach na lúibíní sna habairtí thíos agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal sna bearnaí.

- Bhain Seán an cóta de (Siobhán) _____ agus thug sé do (Pól) _____ é.
- Gheobhaidh tú an litir i (clúdach litreach) _____ ar (tábla) _____ sa seomra suí.
- Ar chuala tú an scéal faoi (Brian) _____? Rinneadh ionsaí air agus fágadh é gan (pingin) _____.
- Tabhair an t-airgead sin ar ais do (Úna) _____ anois díreach.
- Beidh sé ag teacht ó (Baile Átha Cliath) amárach _____ agus ag dul go (Corcaigh) an lá arna mhárach.

6. Abair le (Síle) _____ go mbeimid ag dul chuig (ceolchoirm) _____ ag an deireadh seachtaine.
7. Bhí slua mór as (Dún na nGall) _____ ann agus bhí idir (fir) agus (mná) ann.

Ceist 5 Éist leis an tuairisc arís agus breac síos gach sampla den réamhfhocal simplí agus séimhiú a chloiseann tú inti.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An bhfuil tú ar an eolas faoi na scéalta is déanaí a bhaineann leis an bhfeachtas uachtaránachta? Cad a cheapann tú faoi na hiarrthóirí ar fad?
2. Déan cur síos ar phost an Uachtaráin.
3. An cuid thábhachtach í an Ghaeilge dár gcultúr? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tabhair deis do na foghlaimeoirí féachaint ar an stór focal sula bhféachann siad ar an mír.

1. cáineadh: *criticism*
2. aitheasc: *address, speech*
3. Tithe an Oireachtais: *House of the Legislature*
4. ag lorg tacaíochta: *looking for support*
5. an pobal a ghríosú: *to fire up the people*
6. claochlú: *transformation*
7. sochaí na tíre: *society of the country*
8. ainneoin: *despite*
9. An Chomhairle Stáit: *The Council of State*
10. aon bhreith: *any judgement*

Ceist 2

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun na ceisteanna seo a phlé.

Canúint na Mumhan: rinne - dhein, roimh - roimis, aon duine - éinne, Gaeilge – Gaolainn.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

1. Bhain Seán an cóta de **Shiobhán** agus thug sé do **Phól** é.
2. Gheobhaidh tú an litir i **g**clúdach litreach ar **th**ábla sa seomra suí.
3. Ar chuala tú an scéal faoi **Bhrian**? Rinneadh ionsaí air agus fágadh é gan **phingín**.
4. Tabhair an t-airgead sin ar ais d'Úna anois díreach.
5. Beidh sé ag teacht ó **Bhaile Átha Cliath** amárach agus ag dul go Corcaigh an lá arna mhárach.
6. Abair le Síle go mbeimid ag dul chuig ceolchoirm ag an deireadh seachtaine.
7. Bhí slua mór as Dún na nGall ann agus bhí idir **fhir** agus **mhná** ann.

Ceist 5

- do Thithe
- ó dhoras
- ar chlaochlú
- ar shochaí

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhuel, bhí an tUachtarán, Mícheál D. Higgins, i mbun feachtasaíochta sa Ghailimh inniu chomh maith, ag tabhairt freagra ar an gcáineadh a dhein¹ Liadh Ní Riada. Dúirt sé nach faoi féin amháin mar Uachtarán atá sé aitheasc a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Tomás Ó Mainnín

Ar ais sa bhaile mar is fearr aithne air. Inniu bhí Michael D. Higgins thar n-ais² sa Ghailimh. Agus é, fé mar a dúirt sé féin, ag lorg thacaíocht an phobail chun é a sheoladh thar n-ais chun an Árais don dara téarma.

Ag labhairt lena lucht tacaíochta anseo, dúirt sé nach raibh sé ar a chumas féin dul ó dhoras go doras ag lorg vótaí, ach go raibh sé ag iarraidh ar a lucht tacaíochta an pobal a ghríosú chun tacú leis. Arís inniu, dúirt sé go mbeadh béim á cur³ aige ar chlaochlú a chur i bhfeidhm ar shocháí na tíre seo, dóibh sin ar an imeall. Ach, chuir an t-iarthóir i bhfeachtas na huachtaránachta, Liadh Ní Riada, ina leith inniu nach raibh aon aitheasc tugtha ag Michael D. Higgins don Oireachtas ina sheacht mbliana san Áras, ainneoin na ndúshlán atá roimis⁴ muintir na tíre seo.

Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann

Ní maith liom bheith ag ceartú éinne⁵, ach seo ceann de na hóráidí nach mbaineann leat féin – cén uair a thagann tú os comhair na dTithe Oireachtais eile. Cén fáth é? Tá sé scríte⁶ sa mBunreacht⁷, go gcaithfidh tú an Chomhairle Stáit a thógáil le chéile agus ina dhiaidh sin, caithfidh an rialtas in oifig an ráiteas a cheadú.

Tomás Ó Mainnín

Dúirt sé chomh maith inniu gur cúis díomá dó nach bhfuil díospóireacht as Gaolainn⁸ ann don Uachtaránacht. Is cuid thábhachtach an teanga a dúirt sé dár gcultúr, ach dhiúltaigh sé aon bhreith a thabhairt ar na hiarrthóirí atá gann nó ar bheagán Gaolainne san fheachtas⁹ – ag rá nár theastaigh uaidh aon mhaslaí a chaitheamh le héinne eile sa rás.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, sa Ghailimh.

¹ *rinne* an leagan caighdeánach

² *ar ais* an leagan caighdeánach

³ *á chur* a dúradh

⁴ *roimh* an leagan caighdeánach

⁵ *aon duine* an leagan caighdeánach

⁶ *scríofa* an leagan caighdeánach

⁷ *sa bhfeachtas* a dúradh

⁸ *Gaeilge* an leagan caighdeánach

⁹ Córás na Mumhan